AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2026
COM(2026) 269 final

ANNEX 2

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH

maidir le cur chun feidhme agus torthaí an chláir Pericles IV chun an euro a chosaint ar ghóchumadh in 2025

Iarscríbhinn II: Forléargas ar na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme in 2025

Eagarthóir[1]	Teideal na gníomhaíochta	Suíomh agus dáta	Ranníocaíocht ón gCoimisiún[2]
Seimineáir			
BDP an Phortaingéil	Pericles 2025 – Fís phraiticiúil den chomhrac in aghaidh an ghóchumtha (Cosaint an Euro 2025)	Liospóin (PT): Ón 18 go dtí an 20 Márta 2025	EUR 86 042
Príomhchuspóir na gníomhaíochta: Éifeachtúlacht a mhéadú maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus maidir le monaí euro góchumtha a aicmiú.			
BIBE An Spáinn	Cúrsa speisialaithe maidir le góchumadh le haghaidh tíortha Ibéir-Mheiriceánacha 2025 (Curso Quito 2025)	Quito (EC): Ón 25 go dtí an 28 Samhain 2025	EUR 180 081
Príomhchuspóir na gníomhaíochta: Comhar a neartú agus saineolas a mhalartú.			
An Coimisiún Eorpach ECFIN	Seimineár reachtach agus forbartha institiúidí chun an euro a chosaint san Úcráin	An Bhruiséil (BE): 11-12 Meitheamh 2025	EUR 79 007,50
Príomhchuspóir na gníomhaíochta: Comhar a neartú agus saineolas a mhalartú.			
Oiliúint theicniúil			
BDE An Spáinn	Gníomhaíocht oiliúna maidir le hanailís ar mhonaí góchumtha le haghaidh saineolaithe teicniúla (TA-coins 2025)	Maidrid (ES): 4-5 Meitheamh 2025	EUR 45 102
Príomhchuspóir na gníomhaíochta: Éifeachtúlacht a mhéadú maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus maidir le monaí euro góchumtha a aicmiú.			
HNB an Chróit	Oiliúint maidir le hanailís theicniúil ar ghóchumadh an euro agus forfheidhmiú líonra ALERT in Oirdheisceart na hEorpa (ALERT)	Ságrab (HR): 08 Samhain 2024 Cúrsaí oiliúna teicniúla sna tíortha rannpháirteacha: ME, MK, RS, AL, TR, XK, BH, EL (Feabhra-Meitheamh 2025) Iostanbúl (TR): 15-16 Meán Fómhair 2025	EUR 119 377,33
Príomhchuspóir na gníomhaíochta: Comhar a neartú agus saineolas a mhalartú.			
An Coimisiún Eorpach	Feabhas a chur ar bhrath monaí in euro mí-oiriúnacha	An Róimh (IT): Ón 11 go dtí an14 Samhain 2025	EUR 105 000

[1] Is féidir ainmneacha na n-eagarthóirí nach bhfuil giorraithe a fháil ar liosta na n-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 ón gComhairle, IO C 264, 12.8.2015, lgh. 2-29.

[2] An méid a gealladh in euro - Líne bhuiséid: 06.030100-C1-ECFIN.

Eagarthóir[1]	Teideal na gníomhaíochta	Suíomh agus dáta	Ranníocaíocht ón gCoimisiún[2]
ECFIN			
Príomhchuspóir na gníomhaíochta: Comhar a neartú agus saineolas a mhalartú.			
Malartuithe foirne			
GdF An Iodáil	Comhrac ghníomhaireachtaí na hIodáile agus na Tuirce le chéile in aghaidh ghóchumadh an euro (2024-IT-INTEGRATE)	An Iodáil: Ón 10 go dtí an 14 Feabhra 2025 An Tuirc: Ón 19 go dtí an 22 Aibreán 2025	EUR 44 685
Príomhchuspóir na gníomhaíochta: Comhar a neartú agus saineolas a mhalartú.			
CCAFM An Iodáil	Malartú foirne maidir le teicnící imscrúdaithe in aghaidh góchumadh airgeadra (SEITACC5)	An Róimh (IT) - In 2025: Ón 18 go dtí an 21 Feabhra: BH 7-11 Aibreán: EL, MD, MK, XK 7-9 Bealtaine: AT Cuairteanna in 2025 ar MK, MD, XK, EL (Ó mhí Aibreáin go dtí mí Mheán Fómhair) Iasachtaí in 2025: Ón 5 go dtí an 16 Bealtaine: Saineolaí ó phóilíní na hOstaire chuig CCAFM	EUR 76 439,73
Príomhchuspóir na gníomhaíochta: Comhar a neartú agus saineolas a mhalartú.			
BIBE An Spáinn	Bunú NCO in Uragua 2025 a chur chun cinn (Tionscadal NCO Uragua)	Uragua: Ón 26 go dtí an 30 Bealtaine 2025 An Spáinn: Ón 30 Meitheamh go dtí an 3 Iúil 2025	EUR 37 542,06[3]
Príomhchuspóir na gníomhaíochta: Comhar a neartú agus saineolas a mhalartú.			
Trealamh a cheannach			
PJ an Phortaingéil	Tionscnamh fothaithe acmhainneachta maidir le nótaí bainc euro góchumtha a bhrath, a anailísiú agus a thuairisciú ag údaráis phóilíneachta Cabo Verde (COUNTERACT)	Praia (CV): Ón 10 go dtí an 21 Márta 2025 Cúnamh ar líne: Ó mhí Aibreáin go dtí	EUR 76 908,62

[3] Línte buiséid: 06.030100-C1-ECFIN (EUR 15 770,72) agus 06.030100-C4-ECFIN (EUR 21 771,34).

Eagarthóir[1]	Teideal na gníomhaíochta	Suíomh agus dáta	Ranníocaíocht ón gCoimisiún[2]
		mí Iúil 2025	
Príomhchuspóir na gníomhaíochta: tacú le húdaráis inniúla náisiúnta tríú tíortha ina gcomhrac in aghaidh ghóchumadh an euro			